

11

Sláinte a  
thabhairt  
ar ais ar an  
ngairdín



**Fíric:** Tá uisce tuile truailithe go minic ag draein ag sceitheadh, conalach ainmhithe agus dramhail.



# Athchóiriú

Má tharlaíonn tuile d'fhéadfadh damáiste mór a bheith déanta dod' ghairdín. Seo iad a leanas roinnt noda ar conas do ghairdín a chosaint agus sláinte a thabhairt ar ais dó:

## Ithir agus Teorainneacha

- ◆ Is féidir fréamhacha tanaí a bheith ann mar thoradh ar ithir báite, ag déanamh plandaí neamh-sheasmhach agus tagtha ar triomach in aimsir tirim. Fan go dtriomaíonn an talamh amach agus ansin déan roinnt tochair domhain (cas an talamh thar ceann go doimhneacht do shluasaid) chun an fhadhb seo a chosc.
- ◆ I gcás tuile uisce farraige, is é an t-aon rud amháin ab féidir a dhéanamh ná plandaí luachmhara a ardú, an ithir a ní uathu agus iad a chur i mboscaí.



**Cuimhnigh le do thoil:** D'fhéadfadh cabhair a bheith ag teastáil ó chomharsana aosta chun sláinte a thabhairt ar ais ar a ngairdíní.

## Glasraí

Caith uait aon bharr a tá clúdaithe le huisce tuile agus ligean do fhiaile giniúint chun cabhrú leis an talamh a thirimíú roimh iad a athchur.

## Plandaí

- ◆ Mairfidh an chuid is mó de phlandaí trí chúpla lae báite san uisce, ach beidh ocsaingín ag teastáil ó na fréamhacha. Bain na plandaí amach as an talamh le píce, nigh an glár agus smionagar as na fréamhacha agus duilliúr agus cúlaigh iad in áit níos tirime den ghairdín nó i bpota.
- ◆ Bearn siar aon chuid donn nó duilleoga, gais nó craobhanna marbha.
- ◆ Cur leasú le saoilleadh mall leis an ithir chun cothaitheach cailte a athionadú.
- ◆ Ardaigh plandaí i mboscaí ar bhríci chun cabhrú leo draenáil.

## Faichí

Ná siúil ar fhaiche báite le huisce, fan go dtí go bhfuil sé tirim agus aeraigh go réidh an ithir ar barr le píce go timpeall 13cm. Oibrigh roinnt gaineamh gan aol isteach sna poill agus cur síolta isteach arís ar aon phíosáí maola.

## Locháin

Is féidir an cuid is mó den shaol uiscí déileáil le tuile uisce úir de ghnáth, ach is cosúil go ndéanfadh uisce farraige marfacha. An tslí is fearr chun do lochán a chaomhnú ná líontán a cheangail os a chionn chun cosc a chur ar éisc agus plandaí uiscí a bheith scuabtha uaidh.